2026/2389

29.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2389 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, (AE) 2020/761, (AE) 2020/1988 agus (AE) 2025/1272 chun go mbeidh údaráis eisiúna tríú tíortha in ann ELAN a úsáid ar bhonn deonach le linn na hidirthréimhse

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007, ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 178, Airteagal 187 agus Airteagal 223(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ón gComhairle ([2]) agus Rialachán (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle, agus go háirithe pointí (a) go (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 9, agus pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 16(1), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 ón gCoimisiún ([3]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 ón gCoimisiún ([4]), bunaítear córas leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta ('ELAN') chun na doiciméid a thagann faoina raon feidhme a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach d'údaráis chustaim.

(2) Tagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ón gCoimisiún ([5]) d'Airteagal 24 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún ([6]). Aisghaireadh an Rialachán Tarmligthe sin áfach le hAirteagal 40 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([7]) le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt d'Airteagal 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a chur in ionad na tagartha sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239.

(3) Le hAirteagal 14(3) agus (4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, foráiltear go bhfuil cruthúnas ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí chun na táirgí a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun onnmhairiú a dhéanamh le haisghabháil ó ELAN. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maolú ar an riail sin i gcás nár eisíodh an ceadúnas nó an sliocht in ELAN nó nár tarchuireadh chuig ELAN é; i gcás inar eisíodh an ceadúnas nó an sliocht in ELAN, nó inar tarchuireadh chuig ELAN é, ach go bhfuil a éifeachtaí dlíthiúla curtha ar fionraí go sealadach; nó i gcás nach bhfuil ELAN ar fáil faoi láthair.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.
([2]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/510/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta ('ELAN') (IO L, 2025/1272, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1272/oj).
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2025 lena leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta ('ELAN') chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar thrádáil agus ar mhargadh i ndáil le táirgí talmhaíochta (IO L, 2025/1269, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1269/oj).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin (IO L 206, 30.7.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/1239/oj).
([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/907/oj).
([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

(4) Le hAirteagal 21a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, leagtar síos na rialacha idirthréimhseacha is infheidhme maidir le ceadúnais allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin i ndáil le húsáid ELAN. Ba cheart na rialacha sin a oiriúnú chun go mbeidh údaráis eisiúna ceadúnas na mBallstát in ann doiciméid a bhfuil luach dlíthiúil acu in ELAN a eisiúint le linn na hidirthréimhse. Ba cheart cead a bheith ag na húdaráis eisiúna ceadúnas, áfach, na doiciméid sin a úsáid lasmuigh de ELAN, ar choinníoll go léirítear go soiléir in ELAN nach bhfuil luach dlíthiúil ag na doiciméid in ELAN.

(5) Ón 18 Eanáir 2027, tá gach ceadúnas le heisiúint de réir shamhlacha sonraí ELAN1L-AGRIM agus ELAN1L-AGREX de réir na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I.1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 agus i gcomhréir leis an 'Fógra maidir leis na treoracha i dtaca le samhlacha sonraí ELAN1L-AGRIM agus ELAN1L-AGREX a líonadh isteach' ([8]). Maidir le sleachta a eiseofar ón 18 Eanáir 2027 ar aghaidh ó cheadúnais a eisíodh roimh an 18 Eanáir 2027 i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, ba cheart a shoiléiriú go bhféadfaidh siad an fhormáid chéanna a choinneáil ar bun agus atá sa cheadúnas bunaidh. Thairis sin, ní mór teimpléid ELAN1L-AGRIM agus ELAN1L-AGREX a choigeartú chun roinnt modhnuithe foirmiúla is gá a léiriú.

(6) An tsamhail sonraí ELAN1L-AGRIM a leagtar síos in Iarscríbhinn I.1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 tá, faoi phointe 2(p), an cód SP02 atá le cur isteach sa Roinn dar teideal 'Coinníollacha speisialta/ sonraí speisialta'. Ós rud é go bhfuil an cuspóir céanna ag an gcód sin le cód SP01, tá sé iomarcach agus ba cheart é a scriosadh.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([9]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraif-chuóta ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus chuige sin déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996 ón gCoimisiún ([10]) tugadh isteach Iarscríbhinn XIIa i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761. Ba cheart Airteagal 6(5) agus Airteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a thabhairt cothrom le dáta chun tagairt don Iarscríbhinn sin a áireamh.

(9) Ba cheart a shoiléiriú go bhfuil ceadúnais le heisiúint i gcoibhéis meáchain nuair a shloinntear an chainníocht le haghaidh taraifchuótaí ar allmhairí i gcoibhéis meáchain.

(10) Ba cheart a shoiléiriú in Airteagal 15a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 go bhfuil feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin maidir le deimhnithe tionscnaimh le haghaidh táirgí atá faoi réir socruithe neamhfhabhracha, seachas maidir le gach deimhniú tionscnaimh.

(11) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1271 ón gCoimisiún ([11]) leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus tugadh isteach na rialacha is infheidhme maidir le doiciméid áirithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha le linn na hidirthréimhse sula mbeidh úsáid ELAN sainordaitheach. Go háirithe, le hAirteagal 72a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ceadaítear d'údaráis eisiúna tríú tíortha ELAN a úsáid ón 15 Iúil 2025 ar aghaidh ach chun críoch tástála amháin, ach le hAirteagal 72b ceadaítear dóibh ELAN a úsáid ar bhonn deonach ón 19 Eanáir 2026, agus foráiltear le hAirteagal 72c go bhfuil sé beartaithe ag údaráis eisiúna tríú tíortha doiciméid a thagann faoina n-inniúlacht a chur ar fáil in ELAN ón 17 Eanáir 2028 ar aghaidh.

([8]) Fógra faoi na treoracha maidir le samhlacha sonraí ELAN1L-AGRIM agus ELAN1L-AGREX a chomhlánú, C/2025/1805 (IO C, C/2025/2819, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2819/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le cruthú, leasú agus bainistiú taraifchuótaí tar éis an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile (IO L, 2026/996, 30.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/996/oj).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1271 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2025 lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, (AE) 2020/761, (AE) 2020/1988 agus (AE) 2023/2834 de thoradh bhunú an chórais leictreonaigh le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta (ELAN), agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le dhá uimhir tharaif-chuóta nua le haghaidh allmhairí ríse ón mBanglaidéis (IO L, 2025/1271, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1271/oj).

(12) Ba cheart Airteagal 72b de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú chun soiléiriú a dhéanamh ar luach dlíthiúil na ndoiciméad arna n-eisiúint ag údaráis tríú tír in ELAN ar bhonn deonach, agus ar na nósanna imeachta a bhfuil feidhm acu más gá na doiciméid sin a úsáid lasmuigh de ELAN.

(13) Ba cheart don Choimisiún liosta na n-údarás tríú tír a chuir in iúl don Choimisiún go bhfuil sé ar intinn acu a ndoiciméid a chur ar fáil in ELAN roimh an 17 Eanáir 2028 a fhoilsiú ar líne.

(14) Bhí an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4124 le haghaidh cruithneacht bhog ó Cheanada oscailte ó 2017 go 2023. Ós rud é nach bhfuil an taraifchuóta sin oscailte a thuilleadh, ba cheart aon tagairt dó a scriosadh ó Iarscríbhinní I, II agus XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

(15) In Iarscríbhinní IV agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, maidir le taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4317, 09.4318, 09.4354, 09.4355, 09.4319, 09.4321, 09.4329, 09.4330, 09.4169, 09.4211, 09.4212, 09.4214, 09.4215, 09.4217, 09.4251, 09.4252, 09.4253, 09.4254, 09.4255, 09.4256, 09.4257, 09.4258, 09.4259, 09.4411, 09.4269, 09.4283, 09.4289 agus 09.4290, ba cheart a shoiléiriú go n-éilíonn siad deimhnithe tionscnaimh mar chruthúnas ar thionscnamh neamhfhabhrach tráth a scaoilte i saorchúrsaíocht, agus gur cheart na deimhnithe sin a eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV.8 a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ach amháin má cheadaíonn na rialacha idirthréimhseacha maidir le ELAN a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d den Rialachán Cur Chun Feidhme sin d'údaráis inniúla tríú tíortha formáid dhifriúil a úsáid.

(16) In Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, i gcás taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4181, ba cheart a shoiléiriú nach dtagann ach an Deimhniú Barántúlachta faoi raon feidhme ELAN.

(17) In Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4003, ní cheanglaítear faoi láthair ar oibreoirí a bheith cláraithe sa bhunachar sonraí um Chlárú agus Aitheantas Oibreoirí Ceadúnais (LORI) a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún ([12]). Chun ceanglais taraifchuótaí le haghaidh an taraifchuóta sin a ailíniú le ceanglais taraifchuótaí eile san earnáil chéanna, i gcás taraifchuóta 09.4003, ba cheart a cheangal freisin go gclárófaí oibreoirí i mbunachar sonraí LORI. Ba cheart feidhm a bheith ag an leasú sin ón tréimhse taraifchuóta dar tús an 1 Iúil 2027.

(18) Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar theimpléad ELAN1L-TCDOC a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 chun athrá ar chineál agus uimhir an doiciméid a sheachaint i gceannteideal agus i gcorp an doiciméid araon. Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú nuair is gá an tsamhail sonraí a úsáid le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, (AE) 2020/1988 agus (AE) 2023/2834.

(19) Ina theannta sin, leis na ceanglais maidir le samhail sonraí ELAN1L-TCDOC a líonadh isteach a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar an bhformáid sonraí is gá chun uimhir an doiciméid agus an dáta eisiúna a chur in iúl. Ba cheart a shoiléiriú leis na ceanglais sin freisin conas ba cheart d'údaráis eisiúna an chainníocht a chumhdaítear leis an doiciméad a léiriú, agus cathain a cheanglaítear go léireofar i ndoiciméid a eiseoidh tríú tíortha an líon pacáistí ina bhfuil na táirgí arna n-allmhairiú. Ba cheart a léiriú i bpointe 2(d) den Iarscríbhinn sin an áit a bhféadfaidh údaráis tríú tír faisnéis bhreise a thabhairt maidir le hiompar agus pacáistíocht a bhaineann leis an earra a chumhdaítear lena ndoiciméid.

(20) Ba cheart do tríú tíortha tagairtí do na ceanglais maidir le doiciméid a eisiúint le haghaidh taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896, 09.7897 agus 09.7903 a chur sna táblaí a leagtar síos i bpointí 1(l) agus 1(m) d'Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

([12]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus taraif-chuótaí á riar (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/760/oj).

(21) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2173 ón gCoimisiún ([13]) leasaíodh Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4410 agus 09.4420. Go sonrach, foráiltear leis na rialacha nua nár cheart cruthúnas tionscnaimh na n-allmhairí faoi na taraifchuótaí sin a sholáthar a thuilleadh trí bhíthin deimhnithe tionscnaimh arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 15a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ach le conarthaí soláthair ina ionad sin. Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí do na taraifchuótaí sin a bhaint de phointe 1(m) d'Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

(22) In Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ba cheart Cuid A agus Cuid Aa a chomhchuibhiú chun na fachtóirí coinbhéartachta is infheidhme maidir le hearnáil na n-uibheacha a léiriú ar bhealach aonfhoirmeach. Ba cheart ríomh na coibhéise meáchain sa bhlaosc a leagtar síos in Airteagal 68 agus in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a chomhchuibhiú le struchtúr nua Iarscríbhinn XVI, Cuid A. Ba cheart tagairt a dhéanamh in Airteagal 68 freisin do na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4950 agus 09.4955 a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996.

(23) Ba cheart na tagairtí in Airteagail 4 agus 13 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([14]) do na forálacha idirthréimhseacha a cheartú.

(24) Na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 maidir leis an bhféidearthacht ELAN a úsáid, ba cheart iad a leathnú chun na doiciméid arna n-eisiúint ag tríú tíortha a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896, 09.7897 agus 09.7903 a chumhdach. Ba cheart é sin a léiriú in Airteagal 31a agus Airteagal 31b den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus sna bileoga comhfhreagracha maidir le taraifchuótaí a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Ba cheart tagairt d'Iarscríbhinn II.I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a chur in ionad na tagartha d'Iarscríbhinn II.H in Airteagal 31b den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(25) Ní raibh na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.6734, 09.6735, 09.6736, 09.6737, 09.6738, 09.6739, 09.6747, 09.6748, 09.6749, 09.6755, 09.6756 agus 09.6758 oscailte ach ón 6 Meitheamh go dtí an 31 Nollaig 2025. Dá bhrí sin, ba cheart na bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí sin a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988.

(26) Ba cheart Airteagal 6(2) agus Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 a leasú chun a léiriú go bhféadfadh údaráis tríú tír tosú ar ELAN a úsáid ar bhonn deonach idir an 19 Eanáir 2026 agus an 17 Eanáir 2028.

(27) Liostaítear in Airteagal 1(2), pointí (a) go (d), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 na doiciméid a thagann faoi raon feidhme ELAN. Leagtar síos freisin liosta na ndoiciméad a thagann faoi raon feidhme ELAN in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 a leasú chun tagairt a dhéanamh d'Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart aon tagairt d'Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 in Airteagail 6 agus 9 de a leasú dá réir.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, (AE) 2020/761, (AE) 2020/1988 agus (AE) 2025/1272 a leasú dá réir sin.

(29) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2173 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann le cruthúnas tionscnaimh le haghaidh taraif-chuótaí áirithe in earnáil na héanlaithe clóis agus a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le lua ar dheimhnithe tionscnaimh digiteacha (IO L, 2025/2173, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2173/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraifchuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 mar a leanas:

(1) in Airteagal 13(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás ina bhfuil amhras ar údarás inniúil custaim faoi chruinneas iontrálacha ar an gceadúnas nó ar an sliocht, iarrfaidh sé soiléirithe ar an údarás eisiúna ceadúnas agus, más gá, cuirfidh sé an ceadúnas ar ais chuig an údarás sin. I gcás ina bhfuil amhras ar údarás eisiúna ceadúnais faoi chruinneas iontrálacha ar an gceadúnas nó ar an sliocht, iarrfaidh sé soiléirithe ar an údarás inniúil custaim agus, más gá, cuirfidh sé an ceadúnas ar ais chuig an údarás sin.';

(2) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Scaoilfear an t-urrús i leith ceadúnais má chomhlíontar na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 agus san Airteagal seo.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Déanfar cruthúnas ar chomhlíonadh na hoibleagáide maidir leis na táirgí a scaoileadh i saorchúrsaíocht a aisghabháil ó ELAN.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, nuair a bheidh feidhm ag na rialacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagail 21a go 21d, is é a bheidh sa chruthúnas cóip an tsealbhóra theidealaigh nó an aistrí den cheadúnas nó den sliocht.

Beidh feidhm ag an dara fomhír sna cásanna seo a leanas:

(a) níor eisíodh an ceadúnas nó an sliocht in ELAN nó níor tarchuireadh chuig ELAN é;

(b) cuireadh éifeachtaí dlíthiúla an cheadúnais nó an tsleachta arna eisiúint in ELAN, nó arna tharchur chuig ELAN, ar fionraí go sealadach faoin dara fomhír d'Airteagal 21a(5); nó

(c) Níl ELAN ar fáil go sealadach i gcomhréir le Roinn 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272.

I gcás ina bhfuil feidhm ag an tríú fomhír, pointe (c) agus nach féidir an doiciméad dá dtagraítear sa dara fomhír a chur ar fáil, ceann díobh seo a leanas a bheidh sa chruthúnas:

(a) glacadh leis an dearbhú custaim a aisghabhadh ón mbunachar sonraí custaim;

(b) féindearbhú ina luaitear gur comhlíonadh an oibleagáid.

Na doiciméid dá dtagraítear sa cheathrú fomhír, pointí (a) agus (b), déanfaidh na húdaráis chustaim iad a stampáil agus a shíniú.

4. Déanfar cruthúnas ar chomhlíonadh na hoibleagáide maidir le honnmhairiú a aisghabháil ó ELAN.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, nuair a bheidh feidhm ag na rialacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagail 21a go 21d, is é seo a leanas a bheidh sa chruthúnas:

(a) cóip an tsealbhóra theidealaigh nó an aistrí den cheadúnas nó den sliocht; agus

(b) an deimhniú imeachta dá dtagraítear in Airteagal 334 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 arna eisiúint ag an oifig custaim onnmhairiúcháin chuig an onnmhaireoir nó chuig an dearbhóir.

Beidh feidhm ag an dara fomhír sna cásanna seo a leanas:

(a) níor eisíodh an ceadúnas nó an sliocht in ELAN nó níor tarchuireadh chuig ELAN é;

(b) cuireadh éifeachtaí dlíthiúla an cheadúnais nó an tsleachta arna eisiúint in ELAN, nó arna tharchur chuig ELAN, ar fionraí go sealadach i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 21a(5); nó

(c) Níl ELAN ar fáil go sealadach i gcomhréir le Roinn 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272.

I gcás ina bhfuil feidhm ag an tríú fomhír, pointe (c), agus nach féidir an doiciméad dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (a), a chur ar fáil, cuirfear féindearbhú ina ionad ina luafar gur comhlíonadh an oibleagáid.

Déanfaidh na húdaráis chustaim an doiciméad dá dtagraítear sa cheathrú fomhír a stampáil agus a shíniú.';

(3) in Airteagal 21a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ón 19 Eanáir 2026, féadfaidh na Ballstáit tosú ar cheadúnais allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin a eisiúint in ELAN nó iad a tharchur chuig ELAN.

Beidh luach dlíthiúil ag doiciméid a eisítear in ELAN nó a tharchuirtear chuig an gcóras sin i gcomhréir leis an mír seo chun táirgí talmhaíochta a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú. Sula n-úsáidfear doiciméad lasmuigh de ELAN, léireoidh na húdaráis eisiúna ceadúnas in ELAN go n-úsáidfear an doiciméad lasmuigh de ELAN. Sa chás sin, déanfar éifeachtaí dlíthiúla an doiciméid in ELAN a chur ar fionraí go sealadach.

Cuirtear deireadh leis an bhfionraí shealadach agus úsáidfear ceadúnais nó sleachta in ELAN arís, a luaithe a chuirfidh oibreoirí na ceadúnais chomhfhreagracha nó na sleachta comhfhreagracha a úsáidtear lasmuigh de ELAN ar ais chuig na húdaráis eisiúna ceadúnas, agus a luaithe a dhéanfaidh na húdaráis eisiúna ceadúnas an sannadh a rinne na húdaráis chustaim a ionchódú i gcomhréir leis an gcúigiú fomhír.

Ceadúnais nó sleachta a phriontáiltear ar pháipéar i gcomhréir leis an mír seo, beidh síniú bailí agus stampa oifigiúil an údaráis eisiúna inniúil orthu.

Ar cheadúnais phriontáilte nó ar shleachta priontáilte, bailíochtóidh na húdaráis chustaim an chainníocht a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairíodh le síniú agus stampa. Ar cheadúnais leictreonacha nó ar shleachta leictreonacha, déanfaidh siad an fhaisnéis sin a bhailíochtú trí chóras bailíochtaithe leictreonach.

Déanfaidh an t-údarás inniúil eisiúna ceadúnas gach sannadh cainníochta a dhéantar ar cheadúnais phriontáilte nó ar shleachta priontáilte a ionchódú in ELAN laistigh de 2 lá oibre ó chur ar ais an cheadúnais nó an tsleachta, ag tosú ó thús an lae tar éis an dáta a cuireadh an ceadúnas nó sliocht ar ais.

I gcás ina bpriontáiltear ceadúnais nó sleachta ar pháipéar, ní úsáidfear na cóipeanna comhfhreagracha sa chóras leictreonach náisiúnta chun earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcríoch an Aontais ná chun earraí a onnmhairiú ó chríoch an Aontais go dtí go gcuirfear an chóip pháipéir ar ais agus go ndéanfaidh an t-údarás eisiúna ceadúnas na nithe seo a leanas:

(a) an chainníocht a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairíodh faoin gceadúnas nó faoin sliocht a ionchódú in ELAN agus sa chóras náisiúnta; agus

(b) a léiriú in ELAN go n-úsáidfear an ceadúnas nó an sliocht atá le húsáid sa chóras náisiúnta lasmuigh de ELAN.';

(4) in Airteagal 21b(1), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'I gcás inar eisíodh ceadúnais roimh an dáta a leagtar síos sa chéad fhomhír, féadfar na sleachta a eisítear as na ceadúnais sin a eisiúint san fhormáid chéanna leis an gceadúnas bunaidh.';

(5) Leasaítear Iarscríbhinn I.1 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Thairis sin, de mhaolú ar mhír 3, i gcás ina léirítear cóid a bhfuil *ex* rompu ar na bileoga maidir le taraifchuótaí ábhartha in Iarscríbhinní II go XIIa, féadfaidh oibreoirí iarratais ar cheadúnas a chur isteach lena léirítear na cóid TARIC ábhartha, nó na cóid ábhartha le *ex* rompu.';

(2) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 agus mhír 6:

'5. Eiseofar ceadúnais le haghaidh taraifchuótaí arna rialú ag an Rialachán seo le haghaidh cainníochtaí arna sloinneadh i meáchan táirge, ach amháin i gcás ina léirítear sna bileoga ábhartha maidir le taraifchuótaí in Iarscríbhinní II go XIIa an chainníocht iomlán atá ar fáil don chuóta i gcoibhéis meáchain ríofa, agus sa chás sin eiseofar an ceadúnas le haghaidh cainníochtaí arna sloinneadh sa choibhéis meáchain sin.

In aon chás, cuirfidh na húdaráis inniúla an chainníocht fhoriomlán a chumhdaítear leis an gceadúnas in iúl.

6. I gcás ina léirítear cóid a bhfuil *ex* rompu sna bileoga ábhartha maidir le taraifchuótaí in Iarscríbhinní II go XIIa, eiseoidh na húdaráis inniúla na ceadúnais le haghaidh na gcód ábhartha a bhfuil *ex* rompu.';

(3) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás ina gceanglaítear sin le hIarscríbhinní II go XIIa, cuirfear cruthúnas bailí ar thionscnamh faoi bhráid údaráis chustaim an Aontais mar aon le dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann. Liostaítear na doiciméid is gá le haghaidh an chruthúnais tionscnaimh i gcás gach taraifchuóta sna hIarscríbhinní sin.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15a:

'*Airteagal 15a*

Deimhnithe tionscnaimh neamhfhabhrach arna n-eisiúint i bhformáid leictreonach

1. Deimhnithe tionscnaimh a bhaineann le táirgí a bhfuil a dtionscnamh i dtríú tír agus a bhfuil socruithe speisialta allmhairiúcháin neamhfhabhracha bunaithe ina leith, eiseofar iad i gcomhréir leis na treoracha a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá feidhm ag Airteagail 57, 58 agus 59 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

2. Le linn na hidirthréimhse a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d den Rialachán seo, féadfar na deimhnithe tionscnaimh dá dtagraítear i mír 1 a eisiúint bunaithe ar cheann díobh seo a leanas:

(a) an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn 22-14 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447;

(b) an teimpléad a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988;

(c) an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos inti.';

(5) Leasaítear Airteagal 68 mar a leanas:

(a) scriostar mír 3;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Chun críche iarratas ar cheadúnas agus fógraí a thabhairt don Choimisiún, déanfar an chainníocht iomlán a thiontú go coibhéis na huibhe sa bhlaosc:

(a) i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn XVI, maidir le taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4275, 09.4401, 09.4402 agus 09.4403;

(b) i gcomhréir le Cuid D, pointe 2 d'Iarscríbhinn XVI, maidir le taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4950 agus 09.4955.

I gcás taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4276, sloinnfear an chainníocht i gcileagraim de mheáchan an táirge.';

(c) scriostar míreanna 5 agus 6;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 72b:

'*Airteagal 72b*

Úsáid doiciméad arna n-eisiúint ag údaráis tríú tíortha in ELAN

1. Féadfaidh tríú tíortha doiciméid a eisiúint in ELAN nó iad a tharchur chuige ar bhonn deonach roimh an dáta dá dtagraítear in Airteagal 72c(1). Beidh luach dlíthiúil ag na doiciméid sin maidir le táirgí talmhaíochta a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú.

Nuair a léiríonn údaráis eisiúna tríú tíortha in ELAN go bhfuil an doiciméad á úsáid lasmuigh de ELAN, ní bheidh aon luach dlíthiúil ag na cóipeanna in ELAN. Ní bheidh luach dlíthiúil ag na cóipeanna páipéir comhfhreagracha arna n-eisiúint ag tríú tíortha ach amháin má tá síniú agus stampa an údaráis eisiúna orthu.

2. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin (*) liosta na dtíortha a úsáideann ELAN ar bhonn deonach roimh an 17 Eanáir 2028.

3. Nuair a eisítear doiciméid arna n-eisiúint ag an tríú tír in ELAN nó nuair a tharchuirtear chuig ELAN iad ach nach mór iad a chur ar fáil d'údaráis chustaim lasmuigh de ELAN, déanfaidh na húdaráis eisiúna ceadúnas iad a phriontáil ó ELAN arna iarraidh sin don oibreoir eacnamaíoch. Léireoidh siad in ELAN go n-úsáidfear na doiciméid lasmuigh de ELAN.

Cuirfidh na húdaráis eisiúna ceadúnas a phriontálann doiciméid arna n-eisiúint ag tríú tíortha i gcomhréir leis an mír seo an méid seo a leanas ar an doiciméad priontáilte:

(a) an dáta a priontáladh an doiciméad;

(b) síniú an oifigigh ábhartha a phriontáil é;

(c) stampa nó séala bailí an údaráis priontála.

_____

(*) https://agriculture.ec.europa.eu/common-agricultural-policy/market-measures/elan_ga.';

(7) in Airteagal 72c, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Nuair a eisítear doiciméid arna n-eisiúint ag an tríú tír in ELAN nó nuair a tharchuirtear chuig ELAN iad ach nach mór iad a chur ar fáil d'údaráis chustaim lasmuigh de ELAN, déanfaidh na húdaráis eisiúna ceadúnas iad a phriontáil ó ELAN arna iarraidh sin don oibreoir eacnamaíoch. Léireoidh siad in ELAN go n-úsáidfear na doiciméid lasmuigh de ELAN.

Cuirfidh na húdaráis eisiúna ceadúnas a phriontálann doiciméid arna n-eisiúint ag tríú tíortha i gcomhréir leis an gcéad fhomhír an méid seo a leanas ar an doiciméad priontáilte:

(a) an dáta a priontáladh an doiciméad;

(b) síniú an oifigigh ábhartha a phriontáil é;

(c) stampa nó séala bailí an údaráis priontála.';

(8) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV, VIII, XI, XII, XIV.8 agus XVI i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'I gcomhréir leis na rialacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 31c den Rialachán seo, mura n-úsáideann an tríú tír a eisíonn an doiciméad ELAN, comhlíonfaidh na doiciméid a luaitear sa chéad fhomhír na ceanglais a leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán seo agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.';

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Cuirfidh údarás inniúil na Banglaidéise isteach ceann de na hiontrálacha a liostaítear in Iarscríbhinn III sa Roinn dar teideal 'Sonraí speisialta/Coinníollacha speisialta (saortheacs)' sa ELAN1L-TCDOC, fochineál 'deimhniú tionscnaimh' nó, mar mhalairt air sin, mura n-úsáideann an t-údarás sin ELAN le linn na n-idirthréimhsí a rialaítear leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 31c, faoin Roinn dar teideal 'Tráchtanna' sa deimhniú tionscnaimh.';

(3) in Airteagal 31a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Eiseofar deimhnithe incháilitheachta i gcomhréir leis na rialacha maidir le ELAN1L-TCDOC a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, mura gceadaítear leis na rialacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 31c den Rialachán seo don údarás inniúil nó don ghníomhaireacht inniúil sa Nua-Shéalainn iad a eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn II, pointe H a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(4) in Airteagal 31b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Eiseofar deimhnithe incháilitheachta i gcomhréir leis na rialacha maidir le ELAN1L-TCDOC a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, mura gceadaítear leis na rialacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 31c den Rialachán seo don údarás inniúil nó don ghníomhaireacht inniúil sa Nua-Shéalainn iad a eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn II, pointe I a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(5) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Le ELAN, beifear in ann na doiciméid a chuirtear ar fáil in ELAN a eisiúint, a tharchur, a stóráil agus a aisghabháil ar bhealach slán, iontaofa agus éifeachtúil i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269.';

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Gach doiciméad a eiseofar in ELAN nó a tharchuirfear chuige, comhlíonfaidh sé na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais a liostaítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 agus líonfar isteach an tsamhail sonraí ábhartha i gcomhréir leis na treoracha sonracha is infheidhme maidir leis.';

(3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

'1. Ón 15 Iúil 2025, féadfaidh údaráis eisiúna náisiúnta agus údaráis eisiúna tríú tíortha tús a chur ar bhonn deonach leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 4, pointí (a) go (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 a tháirgeadh in ELAN (timpeallacht inghlacthachta) nó lena tharchur chuig ELAN chun críoch tástála. Ní bheidh aon luach dlí ag na doiciméid sin.

2. Ón 19 Eanáir 2026, féadfaidh údaráis eisiúna náisiúnta doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 a tháirgeadh in ELAN nó a tharchur chuig ELAN ar bhonn deonach. Beidh luach dlíthiúil ag na doiciméid sin maidir le gníomhaíochtaí imréitigh custaim a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 21a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239.

Féadfaidh údaráis eisiúna tríú tír doiciméid a liostaítear in Airteagal 4, pointí (b) go (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 a eisiúint in ELAN nó a tharchur chuig ELAN ar bhonn deonach. Beidh luach dlíthiúil ag na doiciméid sin maidir le gníomhaíochtaí imréitigh custaim a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 72b de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

3. Ón 18 Eanáir 2027, soláthróidh na húdaráis eisiúna náisiúnta na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 i gcomhréir le hIarscríbhinn I.1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 agus leis na treoracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Rialachán seo.

4. Ón 17 Eanáir 2028, déanfaidh údaráis eisiúna náisiúnta agus údaráis eisiúna tríú tír na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 4, pointí (a) go (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 a tháirgeadh in ELAN nó ina gcórais leictreonacha náisiúnta. Sa chás deireanach sin, tarchuirfear na doiciméid chuig ELAN díreach tar éis iad a tháirgeadh sa chóras leictreonach náisiúnta.';

(4) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Rialóidh na húdaráis chustaim na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán seo i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269.

_____

(*) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).';

(5) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

'Beidh feidhm ag Roinn 3, áfach, ón 18 Eanáir 2027, nó ón 19 Eanáir 2026 maidir leis na Ballstáit agus na tríú tíortha sin ina gcinneann na húdaráis inniúla úsáid a bhaint as an deis dá bhforáiltear in Airteagal 6(2).'.

Airteagal 5

Forálacha idirthréimhseacha

Na Ballstáit a phriontálfaidh ceadúnais i gcóras náisiúnta eisiúna ceadúnas, cuirfidh siad chun feidhme na leasuithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I, pointí 1(a), 1(c), agus pointe 2, den Rialachán seo ar a dhéanaí ar an dáta a leagtar síos in Airteagal 21b(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag na leasuithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II, pointe 1(b) agus (4)(b), ón tréimhse taraifchuóta dar tús an 1 Iúil 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear mar a leanas Iarscríbhinn I.1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239:

(1) Leasaítear Roinn 'A.1 - samhail sonraí ELAN1L-AGRIM' mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(b):

'(b) uimhir an cheadúnais sa Roinn dar teideal 'Uimhir an cheadúnais' agus, i gcás sleachta amháin, uimhir cheadúnais an cheadúnais bhunaidh sa Roinn dar teideal 'Uimhir an cheadúnais bhunaidh';'

(b) sa tábla a leagtar síos i bpointe 2(p), scriostar an ró a thagraíonn do chód ELAN SP02;

(c) i ndiaidh phointe 4(d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad theimpléad an cheadúnais allmhairiúcháin phriontáilte AGRIM:

'**AN tAONTAS EORPACH – UIMH. AGRIM...**

<table>
<tr><td rowspan="3">Údarás Eisiúna Ceadúnas</td><td colspan="2">Cód</td><td colspan="2">Uimhir Taraifchuóta</td><td>Uimhir an cheadúnais bhunaidh</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ainm</td><td colspan="2" rowspan="2"></td><td rowspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Seoladh</td></tr>
<tr><td rowspan="3">Sealbhóir teidealach</td><td colspan="2">EORI</td><td rowspan="3">Aistrí</td><td colspan="2">EORI</td></tr>
<tr><td colspan="2" rowspan="2">Ainm - Seoladh</td><td colspan="2">Ainm - Seoladh</td></tr>
<tr><td colspan="2">Dáta an aistrithe</td></tr>
<tr><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td colspan="2">Tionscnaimh eisiata</td><td>Tír is onnmhaireoir</td><td>Ceann scríbe</td></tr>
<tr><td colspan="6">Táirge. Ainmníocht trádála</td></tr>
<tr><td colspan="3">Tuairisc i gcomhréir leis an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC)</td><td>Cód AC</td><td>Cainníocht in aghaidh an chód AC</td><td>Aonad to-mhais</td></tr>
<tr><td colspan="3"></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3"></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3"></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3"></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3"></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3"></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Coinníollacha speisialta/sonraí speisialta</td><td rowspan="2">Lamháltas %</td><td rowspan="2">Cainníocht iomlán</td><td rowspan="2">Aonad to-mhais</td></tr>
<tr><td colspan="3">Cóid</td></tr>
<tr><td colspan="3" rowspan="3">Téacs saor</td><td colspan="3">Arna eisiúint an</td></tr>
<tr><td colspan="3">Bailí ón</td></tr>
<tr><td colspan="3">Lá deiridh bailíochta</td></tr>
</table>

Síniú
(Le líonadh isteach i gcás neamh-infhaighteacht shealadach agus sa chás sin amháin)

Sannadh			
Cainníocht i bhfigiúirí (lamháltas san áireamh)	Cód an táirge - Aonad Tomhais	Doiciméad custaim/Uimhir an tsleachta	Uimhir thagartha custaim, síniú, stampa an údaráis sannta
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	

Sonraí speisialta/coinníollacha speisialta	
Cód	Téacs

Téacs saor

Aistrithe/Aistrithe ar ais			
Aistrithe chuig – EORI	Aistrithe chuig – Ainm	Dáta an aistrithe	Dáta an aistrithe ar ais

Síneadh leis an mbailíocht					
	Dáta na hoibríochta	Cód AC	Cainníocht	Aonad tomhais	Bailí go dtí
1					
2					
3’					

(2) Leasaítear Roinn ‘A.2 - samhail sonraí ELAN1L-AGREX’ mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(b):

‘(b) uimhir an cheadúnais sa Roinn dar teideal “Uimhir an cheadúnais” agus, i gcás sleachta amháin, uimhir cheadúnais an cheadúnais bhunaidh sa Roinn dar teideal “Uimhir an cheadúnais bhunaidh”’;

(b) i ndiaidh phointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theimpléad an cheadúnais phriontáilte AGREX:

‘**AN tAONTAS EORPACH – UIMH. AGREX...**

Údarás Eisiúna Ceadúnas	**Cód**	**Uimhir an cheadúnais bhunaidh**
	Ainm	
	Seoladh	
Sealbhóir teidealach	**EORI**	**Tír ghlactha**
	Ainm - Seoladh	
Táirge. Ainmníocht trádála		

Tuairisc i gcomhréir leis an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC)	**Cód AC**	**Cainníocht in aghaidh an chód AC**	**Aonad to-mhais**

Coinníollacha speisialta/sonraí speisialta	**Cainníocht iomlán**	**Aonad to-mhais**
Cóid		

Téacs saor	**Arna eisiúint an**
	Bailí ón
	Lá deiridh bailíochta

Síniú

(Le líonadh isteach i gcás neamh-infhaighteacht shealadach agus sa chás sin amháin)

Sannadh			
Cainníocht i bhfigiúirí	Cód an táirge – Aonad Tomhais	Doiciméad custaim/Uimhir an tsleachta	Uimhir thagartha custaim, síniú, stampa an údaráis sannta
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	
1	**Cód**		
2	**Aonad tomhais**	**Dáta**	

Sonraí speisialta/coinníollacha speisialta	
Cód	Téacs

Téacs saor

Síneadh leis an mbailíocht					
	Dáta na hoibríochta	Cód AC	Cainníocht	Aonad tomhais	Bailí go dtí
1					
2					
3’					

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV, VIII, XI, XII, XIV.8 agus XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) scriostar an ró a thagraíonn don taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4124;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró a thagraíonn don taraifchuóta dar sraithuimhir 09.4003:

'09.4003	Mairteoil agus laofheoil	Allmhairiúch-án	AE: scrúdú comhuaineach	Tá	Ach amháin nuair atá feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760.	Go dtí deireadh na tréimhse taraifchuó-taí	Tá'

(2) in Iarscríbhinn II, scriostar an bhileog a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4124;

(3) in Iarscríbhinn IV, leasaítear mar a leanas na bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4317, 09.4318, 09.4354, 09.4355, 09.4319, 09.4321, 09.4329 agus 09.4330:

(a) an ró 'Cruthúnas tionscnaimh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'**Cruthúnas tionscnaimh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint**	Uimh.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht':

'**Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht**	Tá. I gcomhréir le hAirteagal 15a(1), lena sonraítear an fochineál 'Deimhniú tionscnaimh' sa tsamhail sonraí ELAN1L-TCDOC. Le linn na hidirthréimhse a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d, is ceadmhach úsáid a bhaint as an doiciméad a luaitear in Airteagal 15a(2), pointe (a).'

(4) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) sa bhileog a bhaineann le taraifchuóta 09.418, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht':

'**Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht**	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, agus Deimhniú Barántúlachta, ar leagtar amach an teimpléad de in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo Mura rud é go gceadaítear leis na rialacha is infheidhme le linn na hidirthréimhse, ar rialacha iad a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d, úsáid a bhaint as an doiciméad a luaitear sa dara mír den ró seo, léireofar san ELAN1L- TCDOC arna eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV.8 an fochineál 'Deimhniú Barántúlachta'.';

(b) sa bhileog a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4003, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI':

'Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI	Tá'

(5) Leasaítear Iarscríbhinn XI mar a leanas:

(a) sa bhileog a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4275, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Coinníollacha sonracha':

'Coinníollacha sonracha	Fachtóirí coinbhéartachta i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo. Chun críocha an taraifchuóta sin, tiontófar meáchan na n-albaiminí bainne go coibhéis na huibhe sa bhlaosc trí úsáid a bhaint as na fachtóirí coinbhéartachta 1 429 % le haghaidh albaiminí bainne triomaithe (cód AC 3502 20 91) agus 189 % le haghaidh albaiminí bainne eile (cód AC 3502 20 99), i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo.'

(b) sa bhileog a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4276, 09.4401, 09.4402 agus 09.4403, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Coinníollacha sonracha':

'Coinníollacha sonracha	Fachtóirí coinbhéartachta i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn XVI'

(6) Leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(a) sna bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4169, 09.4211, 09.4212, 09.4214, 09.4215, 09.4217, 09.4251, 09.4252, 09.4253, 09.4254, 09.4255, 09.4256, 09.4257, 09.4258, 09.4259, 09.4411, 09.4269, 09.4283, 09.4289 agus 09.4290, an ró dar teideal 'Cruthúnas tionscnaimh tráth an iarratais ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'**Cruthúnas tionscnaimh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint**	Uimh.'

(b) sna bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4169, 09.4212, 09.4215, 09.4254, 09.4255, 09.4256, 09.4257, 09.4258, 09.4259, 09.4411, 09.4289 agus 09.4290, an ró dar teideal 'Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'**Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht**	Tá. I gcomhréir le hAirteagal 15a(1), lena sonraítear an fochineál "Deimhniú tionscnaimh" sa tsamhail sonraí ELAN1L-TCDOC. Le linn na hidirthréimhse a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d, is ceadmhach úsáid a bhaint as an doiciméad a luaitear in Airteagal 15a(2), pointe (a).'

(c) sna bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4211, 09.4214, 09.4217, 09.4251, 09.4252 agus 09.4253, an ró dar teideal 'Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'**Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht**	Tá. I gcomhréir le hAirteagal 15a(1), lena sonraítear an fochineál "Deimhniú tionscnaimh" sa tsamhail sonraí ELAN1L-TCDOC. Le linn na hidirthréimhse a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d, is ceadmhach úsáid a bhaint as an doiciméad a luaitear in Airteagal 15a(2), pointe (c).'

(d) sna bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4269 agus 09.4283, an ró dar teideal 'Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'**Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht**	Tá. I gcomhréir le hAirteagal 15a(1), lena sonraítear an fochineál 'Deimhniú tionscnaimh' sa tsamhail sonraí ELAN1L-TCDOC. Le linn na hidirthréimhse a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d, is ceadmhach úsáid a bhaint as an doiciméad a luaitear in Airteagal 15a(2), pointe (a). Maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht laistigh de na cuótaí dá dtagraítear, beidh sé faoi réir deimhniú tionscnaimh arna eisiúint ag údaráis inniúla na Síne a chur ar fáil.'

(7) Leasaítear Iarscríbhinn XIV.8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'**XIV.8 – Ceanglais maidir leis an tsamhail aonfhoirmeach sonraí le haghaidh doiciméid tríú tír a chomhlánú (ELAN1L-TCDOC)**

I gcás ina gceanglaítear amhlaidh le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, (AE) 2020/1988 agus (AE) 2023/2834, eiseoidh na húdaráis inniúla i dtríú tíortha doiciméid shonracha chun cruthúnas a thabhairt ar thionscnamh na dtáirgí atá le hallmhairiú isteach san Aontas nó ar chomhréireacht na dtáirgí sin le caighdeáin áirithe.

Leis an teimpléad seo a leanas de shamhail sonraí priontáilte ELAN1L-TCDOC, leagtar síos an fhaisnéis a léireoidh na húdaráis eisiúna inniúla i dtríú tíortha sna doiciméid sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teimpléid de shamhail sonraí priontáilte ELAN1L-TCDOC:

'**AN tAONTAS EORPACH – UIMH. TCDOC**

<table>
<tr><td rowspan="2">Eisiúna Ceadúnas</td><td>Cód</td><td rowspan="2">Uimhir Taraifchuóta</td><td colspan="2" rowspan="2">Fochineál an doiciméid</td></tr>
<tr><td>Ainm - Seoladh</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Onnmhaireoir</td><td>Cód</td><td rowspan="2">Allmhaireoir</td><td colspan="2">EORI</td></tr>
<tr><td>Ainm - Seoladh</td><td colspan="2">Ainm - Seoladh</td></tr>
</table>

An tír thionscnaimh	**An líon pacáistí**	**Faisnéis bhreise maidir le pacáistiú agus iompar**
An tír is onnmhaireoir		
Ceann scríbe		

Táirge	**Cóid AC**	**Glanmheáchan i bhfigiúirí**	**Aonad tomhais**
Sonraí breise		**Cainníocht iomlán**	**Aonad tomhais - iomlán**
Sonraíochtaí táirge chun comhréireacht a dhearbhú			
Dearbhú comhréireachta			
Dearbhú tionscnaimh			
Arna eisiúint an	**Bailí ón**		
Síniú			
(Le líonadh isteach i gcás neamh-infhaighteacht shealadach agus sa chás sin amháin)			

Le haghaidh údaráis inniúla san Aontas Eorpach	**Arna phriontáil an**
Síniú	**Stampa'**

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(c):

'(c) uimhir uathúil TCDOC, de réir na formáide seo a leanas:

(i) cód alfa-2 ISO 3166-1 na tíre a eisíonn an doiciméad;

(ii) i ndiaidh an chóid tíre, beidh teaglaim uathúil de 1 go 17 ndigit a mbeidh carachtair alfa-uimhriúla agus roinnt carachtair speisialta (/-_) ina measc, atá le sainiú ag an údarás eisiúna.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(j):

'(j) cód alfa-2 ISO 3166-1 an Bhallstáit cinn scríbe, i gcás ina gceanglaítear amhlaidh le rialacha ábhartha an Aontais;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(k):

'(k) déanfar na táirgí agus an chainníocht a chumhdaítear leis an doiciméad a léiriú faoi 'Liosta táirgí' mar a leanas:

(i) tuairisc ar na táirgí sa Roinn dar teideal 'Táirge';

(ii) léireofar an glanmheáchan i bhfigiúirí, sa Roinn dar teideal 'Cainníocht' agus an t-iomlán sa Roinn dar teideal 'Cainníocht iomlán';

(iii) déanfar an t-aonad tomhais a léiriú in aghaidh gach táirge a dtugtar tuairisc air sa Roinn dar teideal 'Táirge', mar a leagtar síos sna rialacha a shainítear sa bhileog ábhartha taraifchuóta i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988, agus trí úsáid a bhaint as an gcód iomchuí a thaispeántar sna treoracha arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (*).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, maidir leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4198, 09.4199, 09.4200, 09.4504, 09.4505, 09.4282, 09.4456, 09.2101, 09.2102, 09.2011, 09.2105, 09.2106, 09.2012, 09.2109, 09.2110, 09.2013, 09.2111, 09.2112, 09.2014, 09.2115, 09.2116, 09.1922, 09.2125, 09.2126, 09.0693, 09.2129, 092130, 09.0690, 09.2131, 09.2132, 09.0227, 09.2171, 09.2172, 09.2015, 09.2178, 09.2179, 09.2015, 09.2181, 09.2019, 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896, 09.7897, 09.0141, 09.0165, 09.0166, 09.0167, 09.0170, 09.0168, 09.0169 agus 09.0171, tá sé roghnach an chainníocht agus an t-aonad tomhais gaolmhar a shonrú i gcás gach táirge;

(iv) sloinnfear an chainníocht iomlán trí úsáid a bhaint as an aonad tomhais a léirítear sa bhileog ábhartha taraifchuóta.

Doiciméid a úsáidtear le haghaidh na dtaraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4149, 09.4731, 09.4324, 09.4325, 09.4326, 09.4327, 09.4001, 09.4002, 09.4450, 09.4452, 09.4453, 09.4454, 09.4455, 09.4181, 09.4198, 09.4199, 09.4200, 09.4202, 09.4504, 09.4505, 09.4516, 09.4521, 09.4522, 09.4523, 09.4524, 09.4525, 09.4211, 09.4127, 09.4251, 09.4252, 09.4253, 09.0090, 09.0124, 09.0125, 09.0126, 09.0127, 09.0141, 09.0165, 09.0166, 09.0167, 09.0168, 09.0169, 09.0170, 09.0171, 09.0025, 09.0027, 09.0033, 09.2101, 09.2102, 09.2011, 09.2105, 09.2106, 09.2012, 09.2109, 09.2110, 09.2013, 09.2111, 09.2112, 09.2014, 09.2115, 09.2116, 09.1922, 09.2125, 09.2126, 09.0693, 09.2129, 09.2130, 09.0690, 09.2131, 09.2132, 09.0227, 09.2171, 09.2175, 09.2015, 09.2178, 09.2179, 09.2016, 09.2181, 09.2019, 09.0143, 09.2201, 09.2202 agus 09.2203, léireoidh siad líon na bpacáistí freisin;

(*) Fógra maidir leis na treoracha chun samhail sonraí ELAN1L-TCDOC a chomhlánú (IO C, C/2026/5558, 29.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/ C/2026/5558/oj).';

(f) sa tábla faoi phointe 1(l), tar éis an ró dheireanaigh a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.2201, 09.2202 agus 09.2203, cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

'Chun an méid seo a leanas a shonrú: — tá na sonraí a leagtar amach sa doiciméad seo cruinn agus comhlíonann siad forálacha an Aontais atá i bhfeidhm; — is éard atá sna táirgí xxxx.xx kg de choibhéis mheáchan an chonablaigh den chainníocht iomlán a chumhdaítear leis an tsraithuimhir a léirítear sa Roinn dar teideal 'Uimhir taraifchuóta'.	09.7901 09.7898 09.7899 09.7902 09.7896 09.7897
Chun a shonrú go bhfuil na sonraí a leagtar amach sa doiciméad seo cruinn agus go gcomhlíonann siad forálacha an Aontais atá i bhfeidhm.	09.7903'

(g) sa tábla i bpointe 1(m), leasaítear an liosta faoin gcolún 'uimhreacha taraifchuótaí' mar a leanas:

(i) scriostar na sraithuimhreacha 09.4410 agus 09.4420;

(ii) i ndiaidh na sraithuimhreach 09.0171, cuirtear na sraithuimhreacha 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896, 09.7897 agus 09.7903 leis;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2)(d):

(d) sa Roinn dar teideal ‘Faisnéis bhreise faoin iompar agus faoin bpacáistíocht’, féadfaidh na húdaráis inniúla eisiúna an fhaisnéis uile a bhaineann leis an bpacáistíocht agus leis an iompar a mheasann siad a bheith úsáideach a áireamh;’;

(8) Leasaítear Iarscríbhinn XVI mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid A:

‘CUID A

Fachtóirí coinbhéartachta is infheidhme maidir le taraifchuótaí in earnáil na n-uibheacha

Cóid AC	Fachtóir coinbhéartachta
0407 11 00	100 %
0407 19 11	100 %
0407 19 19	100 %
0407 21 00	100 %
0407 29 10	100 %
0407 90 10	100 %
0408 11 80	246 %
0408 19 81	116 %
0408 19 89	116 %
0408 91 80	452 %
0408 99 80	116 %
3502 11 90	856 %
3502 19 90	116 %
3502 20 91	1 429 %
3502 20 99	189 %’

(b) Scriostar Cuid Aa.

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) Leasaítear an Roinn dar teideal 'Taraifchuótaí in earnáil na caoireola agus na feola gabhair' mar a leanas:

(i) sna bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896 agus 09.7897, an ró dar teideal 'Cruthúnas tionscnaimh', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'**Cruthúnas tionscnaimh**	Deimhniú incháilitheachta Mura rud é go gceadaítear leis na rialacha is infheidhme le linn na hidirthréimhse, ar rialacha iad a leagtar síos in Airteagal 31c den Rialachán seo, úsáid a bhaint as an doiciméad a luaitear sa chéad mhír den ró seo, is é a bheidh sa doiciméad tionlacain ELAN1L-TCDOC arna eisiúint ag na húdaráis inniúla dá bhforáiltear in Airteagal 15a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.'

(ii) sa bhileog a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.7903, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cruthúnas tionscnaimh':

'**Cruthúnas tionscnaimh**	Deimhniú incháilitheachta Mura rud é go gceadaítear leis na rialacha is infheidhme le linn na hidirthréimhse, ar rialacha iad a leagtar síos in Airteagal 31c den Rialachán seo, úsáid a bhaint as an doiciméad a luaitear sa chéad mhír den ró seo, ELAN1L-TCDOC arna eisiúint ag na húdaráis inniúla dá bhforáiltear in Airteagal 15a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.'

(2) sa Roinn dar teideal 'Taraifchuótaí in earnáil na ngránach', scriostar na bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.6734, 09.6735 agus 09.6736;

(3) sa Roinn dar teideal 'Taraifchuótaí in earnáil na mairteola agus na laofheola', scriostar an bhileog a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.6737;

(4) sa Roinn dar teideal 'Taraifchuótaí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne', scriostar na bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.6738, 09.6739 agus 09.6747;

(5) sa Roinn dar teideal 'Taraifchuótaí in earnáil na muiceola', scriostar na bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.6748 agus 09.6749;

(6) sa Roinn dar teideal 'Taraifchuótaí in earnáil na feola éanlaithe clóis', scriostar na bileoga a bhaineann leis na taraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.6757 agus 09.6758.